An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Scoil Naomh Dubhthach
Machaire Rabhartaigh, Contae Dhún na nGall
Uimhir rolla: 17130H

Dáta na Cigireachta: 17 Eanáir 2014

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

AN CHIGIREACHT

Tuairisc ar Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Réamhrá
Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU – BCF) i scoil Naomh Dubhthach in Eanáir 2014. Tá an tuairisc seo bunaithe ar shampla de cheachtanna a breathnaíodh i raon de shuíomhanna foghlama sa scoil, caidreamh le daltaí agus athbhreithniú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe an bhoird agus na dtuismitheoirí, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de dhoiciméid scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Bunscoil Ghaeltachta chomhoideachais í seo le 44 dalta ar na rollaí. Tá an scoil rannpháirteach i Scéim na gCúntóirí Teanga áta maoinithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Tá an scoil seo ag feidhmiú go han-éifeachtach chun oideachas d'ardchaighdeán a chur ar fáil do na daltaí.
- Feidhmíonn an bord bainistíochta go han-chumasach i gcomhcheangal le foireann na scoile chun curaclam leathan agus cothrom a sholáthar do na daltaí.
- Tá cultúr comhoibritheach agus dícheallach le sonrú i measc na foirne scoile.
- Tá sár-nósanna oibre préamhaithe sna daltaí.
- Tá caighdeán teagaisc, foghlama agus gnóthachtála na ndaltaí an-ard.
- Comhlíonann an príomhoide a cuid dualgais ceannasaíochta curaclaim agus eagraíochta go han-phroifisiúnta agus le cumas ar leith.
- Tá gníomhaíochtaí tairbheacha á gcur i bhfeidhm ag an bhfoireann mar pháirt den phlean feabhsúcháin scoile.

Déantar **na príomh-mholtaí** seo a leanas:

- Moltar pleanáil a dhéanamh do mhodhanna múinte ina bhfuil úsáid na teicneolaíochta, na faisnéise agus na cumarsáide comhtháite leis an bhfoghlaim agus san teagasc.

Torthaí

1. Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí

- Tá cáilíocht na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí san iomlán ar ardchaighdeán. Tá sár-nósanna oibre préamhaithe sna daltaí. Léiríonn an raon leathan oibre atá curtha i gcrích sna cóipleabhair, ina bhfillteáin agus ina bhfreagraí soiléire ar cheisteanna ó bhéal go bhfuil dul chun cinn an-ráthúil á dhéanamh acu.

- Baineann caighdeán an-ard le foghlaim na Gaeilge sa scoil seo. Tá líofacht Ghaeilge ag mórchuid na ndaltaí i ngach rang. Sroicheann mórchuid acu caighdeán tuisceana an-mhaith agus soláthraítear ionchur saibhir teanga chuige seo san fhilíocht, sa scéalaíocht agus sa chomhrá. Tá caighdeán na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla go han-mhaith. Sa Mhatamaitic, tá an fhoghlaim ar an iomlán go han-mhaith. Is léir ón mheasúnú scoil-bhunaithe agus ó thascanna a cuireadh i gcrích le linn na meastóireachta go bhfuil líon ard daltaí ag feidhmiú ar ard-leibhéal foghlama sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic.

- Tá dul chun cinn na ndaltaí le riachtanais speisialta oideachais go han-mhaith ar an iomlán. Glacann siad páirt an-ghníomhach san fhoghlaim agus is léir óna gcuid oibre go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh acu.

2. Cáilíocht an teagaisc

- Ar an iomlán, tá cáilíocht an teagaisc go han-éifeachtach. Tá beirt mhúinteoir i mbun na ranganna príomhshrutha atá ilghrádach agus tugann múinteoir roinnte seirbhís tacaíochta ar feadh deich n-uaire sa tseachtain. Cuireann múinteoir acmhainne tacaíocht bhreise ar fáil ar feadh 7.5 n-uaire le linn na seachtaine. Tugann cúntóir ranga, atá ceaptha ag an mbord bainistíochta, tacaíocht sna bunranganna ar feadh dhá uair a chloig sa tseachtain. Chomh maith le sin, tugann beirt chúntóirí teanga, atá ceaptha faoi scéim na gcúntóirí teanga, tacaíocht ar feadh seacht n-uaire sa tseachtain i ngach rang chun freastal ar shaibhriú teanga na ndaltaí le linn na gceachtanna Gaeilge.

- Tá cultúr comhoibritheach agus dian díograiseach le sonrú i measc foireann uile na scoile i bpleanáil agus i gcur i bhfeidhm na hoibre. Déanann siad soláthar éifeachtach do dhifríochtaí in inniúlachtaí na ndaltaí. Cuimsítear gach dalta, agus daltaí le riachtanais speisialta oideachais san áireamh, san obair i seomraí ranga agus suíomhanna foghlama eile go han-éifeachtach.

- Tá an teagasc sna seomraí ranga struchtúrtha agus tá luas cuí leis na ceachtanna. Cé go mbaintear úsáid as an gclár bán idirghníomhach le linn an teagaisc, moltar don fhoireann pleanáil do mhodhanna múinte ina bhfuil úsáid teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide comhtháite leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

- Tá ag éirí go han-mhaith leis na stráitéisí comhartheagaisc sna bunranganna agus tá machnamh á dhéanamh ag na múinteoirí chun córas malartú ranga do cheachtanna áirithe a chur i bhfeidhm. B'fhiú, chomh maith, an comhartheagasc a leathnú chuig an seomra acmhainne agus an phleanáil don chur chuige seo a dhéanamh ar bhonn comhoibritheach.

- Tá córas measúnaithe i bhfeidhm ina ndéantar grinnstaidéar ar dhul chun cinn na ndaltaí agus tá tionchar an-torthúil aige ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim.

- Tá cáilíocht an teagaisc do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais an-éifeachtach. Tá stráitéisí torthúla don luath-idirghabháil á gcur i bhfeidhm agus tá scileanna léitheoireachta agus uimhríochta na ndaltaí á bhforbairt go han-chéimniúil. Ag am na meastóireachta bhí machnamh agus plé á dhéanamh ag an bhfoireann tacaíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras tacaíochta atá i bhfeidhm sa scoil chun go mbeadh an tseirbhís bunaithe ar ghánna gearrthréimhseacha oideachasúla na ndaltaí chomh maith.

3. Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí

- Tá bainistíocht na ndaltaí go han-éifeachtach agus cothaítear dea-iompar trí úsáid a bhaint as córas cuí do bhainistiú iompraíochta. Cruthaíonn an fhoireann caidreamh comhbhách le daltaí agus úsáidtear moladh agus aiseolas dearfach mar is cóir. Sna ceistneoirí a dáilíodh ar na daltaí le linn na meastóireachta, mheas an t-iomlán acu go raibh dúil acu sa scoil agus go raibh ag éirí go maith leo sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic. Chun méadú a dhéanamh ar na deiseanna chun a dtuairimí a chur in iúl, b'fhiú tionóil scoile a eagrú agus coiste daltaí a bhunú.

- Déanann an scoil freastal an-tairbheach ar dhaltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ina bhfuil riachtanais éagsúla acu. Tá an scoil rannpháirteach freisin i raon leathan gníomhaíochtaí seach-churaclaim, mar shampla, dramaíocht, tráth na gceist, peil, agus comórtais filíochta Béal Binn agus Gael Linn. Tugann na tuismitheoirí lán tacaíocht do na gníomhaíochtaí seo.

- Sna ceistneoirí a dáilíodh le linn na meastóireachta, mheas mórchuid na dtuismitheoirí go bhfuil an teagasc go maith sa scoil agus mheas siad go léir go bhfuil an scoil ag cuidiú le dul chun cinn na ndaltaí sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic. Mheas líon beag acu nár cuireadh ar an eolas iad maidir leis an bpolasaí a

bhaineann le hoideachas caidrimh agus gnéasachta. Ag an gcruinniú iarchomhdhála, chuir foireann na scoile in iúl go gcuirfí an polasai amach chuig gach tuismitheoir láithreach.

- Thug údarais na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, gan athrú na leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*.

4. Ceannaireacht agus Bainistíocht

- Feidhmíonn an bord bainistíochta go han-éifeachtach agus tá na baill an-ghníomhach i mbainistiú na scoile. Oibríonn an bord go han-chumasach i gcomhpháirt le foireann na scoile chun curaclam leathan agus cothrom a sholáthar do na daltaí. Cuireann an príomhoide tuairisc mar gheall ar thorthaí foghlama na ndaltaí agus ar a ndul chun cinn ginireálta ar fáil don bhord. Léiríonn na baill go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an gcultúr dúchasach agus leis an teanga sa cheantar Gaeltachta seo agus cinntíonn siad go bhfuil tosaíocht tugtha don Ghaeilge de shíor trí suim na dtuismitheoirí a chothú chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí chultúrtha a eagraítear sa scoil agus sa phobal.

- Comhlíonann an príomhoide, atá ag teagasc, a cuid dualgais ceannasaíochta curaclaim agus eagraíochta go han-phroifisiúnta agus go han-éifeachtach. Lorgaíonn sí caighdeán ard ó na daltaí agus ón bhfoireann ina iomláine. Feidhmíonn na múinteoirí eile go han-tairbheach chun a ndualgais phroifisiúnta, a fhreagraíonn do riachtanais na scoile, a chur i bhfeidhm.

- Le linn na meastóireachta, thuariscigh na tuismitheoirí ar an mbord go raibh siad an-sásta leis an gcaighdeán oideachais sa scoil agus leis an gcumarsáid idir an scoil agus an baile.

5. Féinmheastóireacht Scoile

- Tá cáilíocht na pleanála scoile ar chaighdeán an-ard. Déanann an scoil meastóireacht agus tuairisciú cuimsitheach ar fhoghlaim na ndaltaí, ar cháilíocht eispéireas foghlama na ndaltaí agus ar cháilíocht an teagaisc trí phroiséas athbhreithnithe féinmheastóireachta an-sistéamach a chur i bhfeidhm. Tá spriocanna feabhsaithe an-torthúil leagtha amach agus tá gníomhaíochtaí an-tairbheacha á gcur i bhfeidhm mar pháirt den phlean fheabhsúcháin sa litearthacht. Tá réamhullmhúchán a dhéanamh ag an bhfoireann scoile, i gcomhar leis an mbord, chun an tuairisc a roinnt le pobal na scoile.

Críoch

Tá cumas na scoile chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar fheabhas. Oibríonn an bord bainistíochta agus foireann na scoile seo go han-phroifisiúnta agus go han-éifeachtach le chéile chun ardchaighdeáin a chinntiú.

Aguisín

Freagra na scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Fáiltíonn Bord Bainistíochta Scoil Naomh Dubhthach roimh an tuairisc seo.Is ábhar áthais agus uchtaigh, sásaimh agus spreagtha, dúinn í. Tá an tuairisc ag cur le tuairim an Bhoird go bhfuil caighdeán ard oideachais i ngach ábhar á chur ar fáil sa scoil ag foireann dícheallach a chomhoibríonn go hiontach maith le chéile faoi threoir agus faoi chinnireacht an phríomhoide, atá fíor- dhúrachtach agus an-éifeachtach.

Tá lúchair orainn go dtugann an tuairisc aitheantas cuí do thábhacht agus do neart na Gaeilge sa scoil Ghaeltachta seo, do chumas agus do dhea-iompar na ndáltaí, do thacaíocht na dtuismitheoirí agus don fhreastal a dhéanann an scoil ar dháltaí a bhfuil riachtanaisí speisialta oideachais acu.

Fáiltíonn an Bord roimh mholtaí na tuairisce maidir le húsáid theicneolaíocht na faisnéise, leis an comhartheagasc agus leis an tionól scoile.Dhéanfaidh an Bord gach dícheall gníomhú ar na moltaí seo agus ar na dúshláin eile atá romhainn amach.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Glacann an fhoireann teagaisc leis an mholadh go n-úsáidfí modhanna múinte ina mbeidh úsáid na teicneolaíochta, na faisnéise agus na cumarsáide comhtháite leis an fhoghlaim agus an teagasc.

D'fhreastal na múinteoirí ar chúrsa T.F.C. i mí Feabhra chun go mbeadh siad ábalta forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh ar an mholadh thuas luaite.

Déantar pleanáil do seo anois agus tá seo le feiceáil in ullmhúchán gearr-théarmach an fhoireann teagaisc.

Tugadh faoin mhalartú ranga do cheachtanna áirithe.

Tosaíodh ar an chleachtas tionól scoile chun eolas a dháileadh agus chun deis a thabhairt do na daltaí ceisteanna a chur agus a dtuairimí a chur in iúl. Chomh maith déantar ceiliúradh ar bhuanna agus ar dhul chun cinn na ndaltaí ag an tionól.

Rinneadh athbhreithniú ar an chóras tacaíochta sa scoil chun freastal a dhéanamh ar ghánna gearrthréimhseacha oideachasúla na ndaltaí. Cuirfear na moltaí i gcrích.

Cuireadh an polasaí maidir le hoideachas caidrimh agus gnéasachta amach chuig gach tuismitheoir.